



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021
(OR. en)

9966/21

COH 20
FIN 478
SOC 403
CADREFIN 303

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	22 Meitheamh 2021
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9584/21
Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: <i>Financial instruments in cohesion policy at closure of the 2007-2013 period: verification work yielded good results overall, but some errors remained</i> [Ionstraimí airgeadais faoi bheartas comhtháthaithe ag deireadh na tréimhse 2007-2013: torthaí maithe ón obair fíorúcháin ar an iomlán, ach roinnt earráidí fós ann] - Conclúidí ón gComhairle (an 22 Meitheamh 2021)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Financial instruments in cohesion policy at closure of the 2007-2013 period: verification work yielded good results overall, but some errors remained* [Ionstraimí airgeadais faoi bheartas comhtháthaithe ag deireadh na tréimhse 2007-2013: torthaí maithe ón obair fíorúcháin ar an iomlán, ach roinnt earráidí fós ann], a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) ag an 3805^ú cruinniú a bhí aici an 22 Meitheamh 2021.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2021 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa:

Financial instruments in cohesion policy at closure of the 2007-2013 period: verification work yielded good results overall, but some errors remained [Ionstraimí airgeadais faoi bheartas comhtháthaithe ag deireadh na tréimhse 2007-2013: torthaí maithe ón obair fíorúcháin ar an iomlán, ach roinnt earráidí fós ann]

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

- (1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2021 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (dá ngairtear ‘an Chúirt’ feasta) agus barúlacha an Choimisiúin ar an Tuarascáil.
- (2) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithe an 8 Samhain 2016¹ maidir leis an Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2016 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa dar teideal: ‘Buiséad an Aontais a chur chun feidhme trí bhíthin ionstraimí airgeadais - ceachtanna le foghlaim as clárthréimhse 2007-2013’ agus an 25 Aibreán 2017² maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 36/2016 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: ‘Measúnú ar na socruithe i ndáil le clabhsúr na gclár comhtháthaithe agus na gclár forbartha tuaithe 2007-2013’.
- (3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur díríodh san iniúchadh de chuid na Cúirte a ndéantar cur síos uirthi sa tuarascáil ar an gcaoi lenar fhíoraigh na Ballstáit agus an Coimisiún incháilitheacht an chaiteachais a dearbhaíodh maidir le hionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte ag clabhsúr na gclár oibríochtúil ón gclárthréimhse 2007-2013, agus díríodh freisin ar an gcaoi a ndearna an Coimisiún measúnú ar shonraí agus ar iontaofacht na sonraí anailísithe sa tuarascáil deiridh.
- (4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála don chlárthréimhse 2007-2013, go háirithe an méid seo a leanas:
 - Bhí an treoir ón gCoimisiún tráthúil agus leordhóthanach, ach theastaigh níos mó faisnéise maidir leis an gcaoi chun measúnú a dhéanamh ar stádas fiontair bhig agus mheánmhéide (FBM) na bhfaighteoirí deiridh;
 - Maidir le hionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte arna mbainistiú ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, níorbh fhéidir fíoruithe áirithe a dhéanamh mar gheall ar shrianta ar shainordú an iniúchta agus teorainneacha ar raon feidhme an iniúcháir sheachtraigh;

¹ 14127/16.

² 8453/17.

- Mar thoradh ar thréimhse incháilitheachta shínte, bhí obair bhreise le déanamh ag údaráis iniúcháireachta agus ag an gCoimisiún, rud a chuir moill ar an bpróiseas clabhsúir agus a d'fhág nach raibh sé chomh héifeachtach sin;
- Rinne na húdaráis iniúcháireachta na fíoruithe riachtanacha, ach bhí earráidí áirithe ann nár braitheadh mar gheall ar sheiceálacha neamhiomlána incháilitheachta;
- Bhí anailís deiridh an Choimisiúin ar mheasúnú feidhmíochta ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte neamhiomlán mar gheall ar shonraí teoranta ar ghíaráil agus athúsáid cistí laistigh den tréimhse;
- Cuireadh feabhas ar iontaofacht sonraí san achoimre dheiridh ar shonraí.

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála don chlárthréimhse 2014-2020, go háirithe an méid seo a leanas:

- Rinneadh an treoir ón gCoimisiún, lena n-áirítear maidir le réimsí riosca, a leathnú, agus cuireadh feabhas soiléir uirthi;
- Réitíodh teorannú rialála shainordú na n-údarás iniúcháireachta ar bhealach leordhóthanach, lena n-áirítear maidir le formhór na n-ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte arna mbainistiú ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta;
- Tugadh aghaidh ar fhormhór na laigí a sainíodh in obair na n-údarás iniúcháireachta sa Treoir ón gCoimisiún don chlárthréimhse 2014-2020;
- Cuireadh tuilleadh feabhais ar iontaofacht sonraí agus tuairiscítear sonraí maidir le gíaráil agus athúsáid cistí, rud a fhágann go ndéantar measúnú níos fearr ar fheidhmíocht ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte.

(6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, maidir leis an gclárthréimhse 2007-2013 i gcoitinne, gur thug an Coimisiún aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le clabhsúr trí mheasúnú ar dhéanamh ar ranníocaíochtaí na mBallstát i ndáil le ceartúcháin iomchuí, agus maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020 is lú seans go mbeidh fadhbanna maidir le hincháilitheacht ionstraimí do FBManna mar tugadh isteach, leis an reachtaíocht, ionstraimí airgeadais atá dírithe ar mhaoiniú FBManna agus air sin amháin.

- (7) CUIREANN SÍ I dTREIS go raibh 1 058 n-ionstraim airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte in 25 Bhallstát ag deireadh na clárthréimhse 2007-2013 agus gurb ionann luach iomlán ranníocaíochtaí an chláir a íocadh leis na hionstraimí agus EUR 16.4 billiún, lena n-áirítear cómhaoiniú EUR 11.3 billiún ón Aontas trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus trí Chiste Sóisialta na hEorpa.
- (8) MEASANN SÍ gur rannchuidiú úsáideach í an Tuarascáil le machnamh an Choimisiúin agus na mBallstát ar an gcaoi le feabhas a chur ar a gcuid oibre i ndáil le hincháilitheacht an chaiteachais a dearbhaíodh maidir le hionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte sa chlárthréimhse reatha agus sa chéad chlárthréimhse eile, agus na ceachtanna a foghlaimíodh á gcur san áireamh.
- (9) TAGANN SÍ leis na tuairimí seo a leanas ón gCoimisiún faoi na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt:
- Chun a bheith go hiomlán ullamh do chlabhsúr na clárthréimhse 2014-2020, atá ar na bacáin, ba cheart don Choimisiún faisnéis bhreise a chur ar fáil sa treo d'ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte agus comhairle shonrach maidir le rioscaí a sainaithníodh sa Choimisiún agus in iniúchtaí na Cúirte;
 - Ba cheart don Choimisiún, ina mhodheolaíocht iniúcháireachta nuashonraithe agus ina threoirlínte maidir leis an gclabhsúr atá ar na bacáin, na teoracha riachtanacha a chur ar fáil maidir le ról agus freagrachtaí na n-údarás iniúcháireachta agus measúnú á dhéanamh ar incháilitheacht chaiteachas na n-ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte ag an gclabhsúr.
-